Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meitheamh 2021**
**(OR. en)**

**9317/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0248(COD)**

**CODEC 797**
**JAI 654**
**FRONT 206**
**ASIM 37**
**MIGR 103**
**CADREFIN 268**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle |

1. An 13 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 78(2), 79(2) agus 79(4) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 9 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[3].

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 13 Márta 2019[4].

[1] 10153/18 + ADD 1 go ADD 3.
[2] IO C 461, 21.12.2018, lgh. 147-155.
[3] IO C 62, 15.2.2019, lgh. 184-188.
[4] 7402/19.

5. An 1 Márta 2021, dhaingnigh Coiste Pharlaimint na hEorpa um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE) an comhaontú sealadach agus sheol cathaoirleach an Choiste litir an 2 Márta 2021 chuig cathaoirleach Coreper á dhearbhú gur cheart do Pharlaimint na hEorpa, ar an dara léamh, an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a fhormheas (tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh) gan aon leasú a dhéanamh air.

6. An 10 Márta 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhaontú sealadach ar tháinig na comhreachtóirí air.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh don Chomhairle go ndéanfadh sí an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, mar a leagtar amach in 6486/21 + REV 1 (ro) é, agus an ráiteas ar chúiseanna, mar a leagtar amach in 6486/21 ADD 1 é, a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, leis an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Ostair ag staonadh.

8. Leagtar amach na ráitis le haghaidh mhiontuairiscí an chruinnithe den Chomhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.